Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11134/23**

**ECOFIN 660**
**UEM 194**
**SOC 486**
**EMPL 337**
**COMPET 681**
**ENV 760**
**EDUC 273**
**RECH 305**
**ENER 396**
**JAI 906**
**GENDER 137**
**ANTIDISCRIM 131**
**JEUN 175**
**SAN 412**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9826/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 605 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Gearmáine um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Gearmáine 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM (2023) 605 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Gearmáine um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Gearmáine 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

---

1 IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
2 IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (‘an tSaoráid’), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, ar tuarascáil í inar sainaithníodh go bhfuil an Ghearmáin ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Gearmáine 2023. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

---

4 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach (Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030, teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

---

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 (‘teachtaireacht an 8 Márta 2023’). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D’éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d’áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise na aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfaidh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 28 Aibreán 2021, chuir an Ghearmáin a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghearmáin[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an Ghearmáin tar éis na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(10) An 24 Aibreán 2023, chuir an Ghearmáin isteach a Clár Náisiúnta 2023 um Athchóiriú agus, an 26 Aibreán 2023, chuir sí isteach a Chlár Cobhsaíochta 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 ar thuairisciú débhliantúil na Gearmáine maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

6 10158/2021 INIT; 10158/2021 ADD 1.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Ghearmáin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Gearmáine ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Gearmáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an nGearmáin agus d'fhoilsigh sé a chuid conclúidí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an nGearmáin. Go háirithe, tá laghdú de réir a chéile tagtha ar an mbarrachas mór leanúnach sa chuntas reatha, rud a léiríonn freisin infheistíocht lag i gcomparáid le coigilteas, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leis, agus le déanaí le linn na géarchéime fuinnimh, ach meastar go dtiocfaidh méadú suntasach air. Tháinig cúlú go mall ar bharrachas an chuntais reatha go dtí 2019 le cóimheas infheistíochta intíre a bhí ag méadú go réidh agus le comhardú trádála atá ag titim agus tá imthosca eacnamaíocha neamhghnácha ann ó shin. Tháinig laghdú suntasach air in 2022 mar thoradh ar phraghsanna fuinnimh allmhairiúcháin níos airde, mar aon leis an mbarrachas trádála neamhfhuinnimh a chúngú agus téarnamh in allmhairí turasóireachta. In 2022, d'fhan an barrachas os cionn na leibhéal a mhol bunphrionsabail na tíre agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú mór air in 2023 agus go bhfanfaidh sé beagnach gan athrú in 2024. Meastar go bhfanfaidh sé faoi bhun thairseach an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch. Tuartar go dtiocfaidh fás láidir ar phá, ag tacú leis an éileamh intíre, agus d'fhéadfadh costais aonaid saothair fás níos tapúla ná sa chuid eile den limistéar euro. Mar sin féin, déantar tomhaltas agus infheistíocht a mhaolú go sealadach trí bhoilsciú ard. Le blianta beaga anuas, tá méadú mór tagtha ar phraghsanna tithe, fiú má mhaolaíonn siad beagán ó lár 2022 i leith. Ní féidir leis an soláthar tithíochta teacht suas leis an éileamh mar gheall ar infheistíocht chónaitheach lag, rud a d'fhéadfadh cur le rioscaí leanúnacha ró-luachála. Bhainfeadh laghdú breise ar leochaileachtaí tairbhe as cur chun feidhme tráthúil agus éifeachtach na dtionscnamh infheistíochta poiblí agus as deireadh a chur le bacainní ar infheistíocht.

(13) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh ginearálta rialtas na Gearmáine ó 3.7 % de OTI in 2021 go 2.6 % in 2022, agus thit fiachas ginearálta an rialtais ó 69.3 % de OTI ag deireadh 2021 go 66.3 % ag deireadh 2022. An 24 Bealtaine 2023, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Pléadh staid bhuiséadach na Gearmáine sa tuarascáil sin, ós rud é go raibh a heasnamh ginearálta rialtais in 2023 os cionn 3 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh critéar an easnaimh. I gcomhréir leis an teachtaireacht an 8 Márta 2023, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh in earrach na bliana 2023. Luaigh an Coimisiún ina dhiaidh sin go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023. Ba cheart don Ghearmáin é sin a chur san áireamh i bhfeidhmiú a buiséid do 2023 agus a dréachtphlean buiséadach do 2024 á ullmhú aici.

(14) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, i measc na mbeart beartais fhioscaigh a d'fhág gur lú ioncam a bhí ann, bhí laghdú ar an gcáin fuinnimh ar bhreoslaí agus laghdú ar an gcáin bhreisluacha ar ghás agus ar théamh ceantair, cé gur áiríodh sna bearta beartais fhioscaigh méadaithe caiteachais sin bónas cnapshuime fuinnimh agus táthcheangal bhille mhí na Nollag do thomhaltóirí gáis príobháideacha. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 1.2 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, costas a mheastar a bheith ina 0.1 % de OTI in 2022, sin rud eile a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 0.8 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 4.2 % in 2021.

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go gcoinneodh an Ghearmáin[7] staid fhioscach thacúil in 2022, lena n-áirítear ón spreagadh a d'eascair as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go gcaomhnódh sí infheistíocht atá maoinithe go náisiúnta.

---

7 Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Gearmáine 2021, IO C 304, 29.7.2021, lch. 18.

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, thacaigh an staid fhioscach[8] in 2022 le -2.7 % de OTI, mar a mhol an Chomhairle. Mar a mhol an Chomhairle, lean an Ghearmáin de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí arna maoiniú tríd an tSaoráid. 0.2 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (0.3 % de OTI a bhí ann in 2021). Chuir infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta ranníocaíocht neodrach ar fáil don staid fhioscach[9]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an nGearmáin infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú, mar a mhol an Chomhairle. An tráth céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) rannchuidiú forleathnaitheach de 2.4 pointe céatadáin don staid fhioscach. Áirítear leis an rannchuidiú suntasach forleathnaitheach sin tionchar breise na mbeart fioscach a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (glanchostais bhuiséadacha bhreise dar luach 1.2 % de OTI) a mhaolú, chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0.1 % de OTI). Ag an am céanna, laghdaigh laghduithe cánach i gcánachas ioncaim ioncam rialtais agus rannchuidigh siad freisin (0.1 % de OTI) leis an bhfás ar ghlanchaiteachas príomha reatha. Maidir leis na bearta chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhí ag an méadú a tháinig ar phraghsanna fuinnimh agus ar na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, ba chúis iad i bpáirt le rannchuidiú suntasach forleathnaitheach an chaiteachais reatha arna mhaoiniú go náisiúnta. Dá bhrí sin, níor choinnigh an Ghearmáin smacht leordhóthanach ar an bhfás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

8 Is é rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fhioscaigh.

9 Sholáthair caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach 0.4 pointe céatadáin de OTI. Baineann an ranníocaíocht sin go príomha le náisiúnú agus athchaipitliú soláthróirí mórdhíola gáis sa Ghearmáin chun slándáil fuinnimh a ráthú.

(17) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2023, is cás é atá i gcomhréir le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 0.2 % ar an bhfíor-OTI in 2023, agus go dtiocfaidh méadú 1.8 % air in 2024. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta rialtais níos airde idir 0.2 % in 2023 agus 1.4 % in 2024.

(18) Ina Chlár Cobhsaíochta do 2023, measann an rialtas go n-ardóidh an t-easnamh rialtais ghinearálta go dtí 4¼°% de OTI in 2023. Léiríonn an méadú in 2023 den chuid is mó an caiteachas breise ar na coscáin praghsanna fuinnimh maidir le gás agus leictreachas. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, síltear go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ó 66.3 % ag deireadh 2022, go 67¾ % ag deireadh 2023. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais de 2.3 % de OTI ann do 2023. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar chaiteachas a mheastar a bheith níos ísle do choscáin praghsanna fuinnimh. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta rialtais-OTI níos ísle ann, is é sin 65.2 % ag deireadh 2023. Tá an difríocht mar gheall ar an easnamh níos ísle.

(19) Na bearta fioscacha a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta nua i gcomparáid le 2022, go háirithe na coscáin praghsanna fuinnimh le haghaidh gáis agus leictreachais. Déantar costas na mbeart sin a fhritháireamh go páirteach le cánacha ar bhrabúis amhantair na soláthraithe fuinnimh, eadhon tobhach ar bhrabúis urghnácha. Agus an t-ioncam sin á chur san áireamh, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar gur 2.0 % de OTI a bheidh i gceist le glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta in 2023[10]. De réir dealraimh, ní ar na teaghlaigh ná na gnólachtaí is leochailí atá formhór na mbeart dírithe in 2023, ach caomhnaíonn roinnt mhaith dóibh an comhartha praghais chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún meastar gurb é 0.5 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[11] (i gcomparáid le 0.3 % de OTI in 2022). Meastar go bhfanfaidh costas buiséadach na cosanta sealadaí ar dhaoine easáitithe ón Úcráin cobhsaí i gcomparáid le 2022. Ar deireadh, deireadh a bheith á chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, a measadh gurb ionann iad agus 0.8 % de OTI, meastar gur rud é sin a rachaidh chun sochair do chomhardú ginearálta an rialtais in 2023.

---

10 Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

11 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Gearmáine agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Gearmáine 2022, IO C 334, 1.9.2022, lch. 35.

(20) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Ghearmáin gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[12], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. Ag an am céanna, ba cheart don Ghearmáin a bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag athrú. Moladh don Ghearmáin freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

(21) In 2023, tuartar go mbeidh an staid fhioscach i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ag (+0.5 % de OTI) ar thoimhde gan athrú beartais. Tagann sé sin sna sála ar staid fhioscach fhorleathnaitheach in 2022 (-2.7 % de OTI). An fás ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, táthar ag tuar go soláthróidh sé rannchuidiú craptha dar luach 0.3 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costas méadaithe na mbeart tacaíochta spriocdhírithe do theaghlaigh agus do ghnólachtaí is leochailí ó thaobh ardú praghsanna fuinnimh de 0.2 % de OTI. Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, tá sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar gur 0.2 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú neodrach leis an staid fhioscach[13]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an nGearmáin infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú. Tá sé beartaithe aici infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla athchóiriú fuinnimh foirgneamh, feabhas a chur ar bhonneagar luchtaithe le haghaidh carranna leictreacha agus scoileanna a fheistiú don ré dhigiteach, a chistítear go páirteach leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

---

12 Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 7.1 %, i dtéarmaí ainmniúla, atá i gceist le fás aschuir féideartha meántéarmach na Gearmáine (meán 10 mbliana), céatadán a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

13 Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile atá maoinithe go náisiúnta ranníocaíocht chraptha 0.3 pointe céatadáin de OTI. Baineann an ranníocaíocht sin go príomha le scor an bhirt chun soláthróirí mórdhíola gáis sa Ghearmáin a náisiúnú agus a athchaipitliú chun slándáil fuinnimh na bliana roimhe sin a ráthú.

(22) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh meath ar an easnamh rialtais ghinearálta go 1¾ % de OTI in 2024. Is léiriú é an laghdú in 2024 den chuid is mó ar dheireadh a chur de réir a chéile leis coscáin praghais fuinnimh. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú go 66½ % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 1.2 % de OTI in 2024. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar mheastacháin níos ísle do na bearta tacaíochta fuinnimh. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh cóimheas níos ísle fiachais rialtais ghinearálta le OTI, de 64.1 % ag deireadh 2024, mar gheall ar easnamh níos ísle den chuid is mó.

(23) Beartaítear le Clár Cobhsaíochta 2023 deireadh a chur de réir a chéile le formhór na mbearta tacaíochta fuinnimh ar fad in 2024. Glacann an Coimisiún leis faoi láthair gurb ionann glanchostas na mbeart tacaíochta fuinnimh agus 0.3 % de OTI in 2024. Tá na meastacháin sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéadú an athuair ar phraghsanna fuinnimh. An chuid is mó de na bearta tacaíochta fuinnimh atá beartaithe faoi láthair le fanacht i bhfeidhm in 2024, ní cosúil go bhfuil siad dírithe ar theaghlaigh nó ar ghnólachtaí leochaileacha. An chuid is mó acu a chaomhnú an comhartha praghas a laghdú éileamh fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

(24) Éilítear le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 go gcuirfí feabhas bliantúil ar chomhardú struchtúrach an bhuiséid i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh le 0.5 % de OTI mar thagarmharc[14]. Agus breithnithe inbhuanaitheachta fioscaí á gcur san áireamh, bheadh sé iomchuí feabhas a chur ar chomhardú struchtúrach 0.3 % ar a laghad de OTI do 2024, de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[15] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 2.5 %, mar a léirítear sa mholadh seo. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (a measann an Coimisiún faoi láthair gur 2.0 % de OTI in 2023 iad), má cheadaítear sin leis na forbairtí sa mhargadh fuinnimh agus ag tosú ó na bearta is lú ar díríodh orthu, agus ba cheart na coigiltis ghaolmhara a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. De réir mheastacháin an Choimisiúin, is é an toradh a bheadh air sin go dtiocfadh fás ar ghlanchaiteachas príomhúil faoi bhun an uasráta fáis atá molta do 2024.

(25) Má ghlactar leis nach bhfuil aon athrú ar bheartais, tá sé beartaithe ag réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh méadú 2.4 % ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024, rud atá faoi bhun an ráta fáis atá molta. Tá an coigeartú a réamh-mheastar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún níos lú ná an coigilteas a thiocfaidh as deireadh a chur go hiomlán, de réir a chéile, le bearta tacaíochta fuinnimh, toisc cuid de na bearta sin a bheith fós i bhfeidhm in 2024 agus toisc bearta lánroghnacha a laghdaíonn ioncam ar nós laghduithe éagsúla ar cháin ioncaim.

(26) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go bhfanfaidh infheistíocht rialtais cobhsaí ag 2½ % de OTI in 2023 agus in 2024. Tagraíonn Clár Cobhsaíochta 2023 d’athchóirithe agus d’infheistíochtaí a mheastar a rannchuideoidh le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Áirítear orthu sin athchóirithe éagsúla ar an gcóras cánach ioncaim chomh maith leis an gcóras pinsin.

---

14 Le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, ceanglaítear freisin coigeartú is mó ná 0.5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

15 Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(27) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an easnamh rialtais ghinearálta go ¾ % de OTI in 2025 agus 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go laghdófar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI in 2024. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 66½ % ag deireadh 2024 go 65½ % faoi dheireadh 2026.

(28) Cé go bhfuil feidhmíocht láidir fostaíochta fós ann, i gcomhthéacs aosú tapa an daonra, meastar go dtiocfaidh méadú breise ar ghanntanas lucht saothair agus ar ghanntanas scileanna. Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú 3.7 milliún ar an daonra in aois oibre sna 2020idí mar gheall ar glúin an bhabaíbhorrtha atá ag dul ar scor. Cuirfidh sé sin go mór le riachtanais mhaoinithe an chórais 'íoc-mar-a-úsáidtear' (an chéad cholún pinsin), agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí dúshlán roimh leordhóthanacht na bpinsean. Bheadh gá le cothromaíocht ghlan imirce de thart ar 400 000 duine in aghaidh na bliana chun laghdú a dhéanamh ar leibhéal an lucht saothair a d'fhéadfadh a bheith ann. Ardóidh an aois reachtúil scoir de réir a chéile go 67 mbliana in 2031. Cé go bhfuil ráta fostaíochta na n-oibrithe idir 55 agus 64 bliana d'aois i measc na rátaí is airde san Aontas, tá moill tagtha ar an méadú ar an aois scoir iarbhír le blianta beaga anuas, agus tá an fhostaíocht san aoisghrúpa os cionn 65 bliana d'aois ag dul chun deiridh ar na daoine is fearr san Aontas. Is é is cúis leis sin freisin roghanna luathscoir, rud a chuireann tuilleadh brú ar inbhuanaitheacht chóras na bpinsean. Is féidir le daoine a d'oibrigh ar a laghad 35 bliana d'aois dul ar scor go luath, le laghdú measartha beag ar shochair phinsin. Is féidir leo siúd a d'oibrigh 45 bliana oibre ar a laghad dul ar scor gan teidlíochtaí pinsin a chailleadh (*Rente nach 45 Beitragsjahren*). Níor úsáideadh na scéimeanna pinsin príobháideacha fóirdheontais stáit (scéimeanna pinsin phearsanta an tríú colún – *Riester Rente*) go dtí seo. D'ainneoin iarrachtaí chun úsáid pinsean ceirde a mhéadú (an dara colún), tá cumhdach fós ag thart ar 56 %.

(29) Tá an meascán cánach sa Ghearmáin fós ag brath go mór ar ioncam ó cháin saothair, agus tá tearcúsáid á baint i gcónaí as boinn chánach ar féidir leo tacú le fás cuimsitheach inbhuanaithe. Tá an ding chánach saothair ar cheann de na dingeacha is airde san Aontas, agus mar thoradh ar an idirghníomhú idir an córas cánach agus aistrithe tá dreasachtaí laga ann chun líon na n-uaireanta a oibrítear do phá íseal agus don dara saothraí, ar mná iad go minic, a mhéadú. Is ualach é sin ar sholáthar lucht saothair agus tá an ganntanas lucht saothair ag dul in olcas dá bharr. Tá sciar na Gearmáine de chánacha comhshaoil faoi bhun mheán an Aontais le haghaidh cánachas fuinnimh agus iompair araon. Ní spreagann cánachas feithiclí iompar atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol. Tá fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol amhail fóirdheontais do bhreoslaí iontaise (lena n-áirítear díolúintí cánach agus laghduithe cánach) suntasach i gcónaí, rud a chuireann bac ar an aistriú glas.

(30) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh go pras le cur chun feidhme an phlean, ós rud é gur saoráid shealadach í an tSaoráid a bheidh i bhfeidhm go dtí 2026. Mar sin féin, cé go bhfuil cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine faoi lánseol, tá moilleanna suntasacha ann. De bharr na n-acmhainní teoranta a ghabhann le cur chun feidhme an phlean agus le beartú tosaíochta neamhleor, thit an Ghearmáin chun deiridh ar an bpróiseas cur chun feidhme. Ní mór don Ghearmáin fós a socruithe oibríochtúla a shíniú agus a céad iarraidh ar íocaíocht a chur isteach. Rinneadh athbhreithniú cheana féin ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine uair amháin an 14 Feabhra 2023, lena gcoigeartaíodh dhá bheart infheistíochta nárbh fhéidir a thabhairt chun críche go hiomlán mar gheall ar imthosca oibiachtúla[16]. Táthar ag súil go ndéanfar athbhreithniú ar an bplean arís in 2023 le haguisín eile, chun caibidil REPowerEU a chumhdach agus chun an méadú ar thacaíocht neamh-inaisíoctha a chur san áireamh. Mar sin féin, tá caibidlíocht fós ar siúl maidir le caibidil REPowerEU agus chun freastal ar an méadú ar thacaíocht neamh-inaisíoctha. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa i bplean athléimneachta agus téarnaimh, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Gearmáine i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

16 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Feabhra 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghearmáin a fhormheas (5536/2023).

(31) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid uile chlársceidealaithe bheartas comhtháthaithe na Gearmáine in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa Ghearmáin.

(32) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an nGearmáin a bhaineann leis an digiteáil, leis an mbeartas fuinnimh agus leis an aistriú glas.

(33) Cé go bhfuil iarrachtaí déanta ag an nGearmáin feabhas a chur ar dhigitiú na seirbhísí poiblí, tá an cur chun feidhme mall i gcónaí. Níor baineadh amach ach roinnt de chuspóirí an Ghnímh um Rochtain ar Líne, rud a fhágann go bhfuil digitiú leanúnach dheireadh tosaigh na seirbhísí riaracháin uile éigeantach faoin spriocdháta (deireadh 2022). Léiríonn Tagarmharc Ríomhsheirbhísí Rialtais an Choimisiúin go bhfuil tearcfheidhmíocht á déanamh ag an tír freisin maidir leis an gcúloifig a dhigitiú, rud atá ríthábhachtach chun seirbhísí a sheachadadh go héifeachtach lasmuigh de raon feidhme an Achta um Rochtain ar Líne. I ndáil leis sin, fógraíodh gur tosaíocht é cláir a nuachóiriú mar chuid den Ghníomh um Nuachóiriú Clár chun prionsabal 'aon-uaire' an Aontais a chur chun feidhme – i gcás nach mbeidh ar dhaoine aonair agus ar ghnólachtaí ach faisnéis chaighdeánach a chur ar fáil aon uair amháin do na húdaráis. Is beag dul chun cinn atá déanta, áfach, ó tháinig an dlí i bhfeidhm in 2021. Thairis sin, tá glacadh íseal seirbhísí a ndearnadh digitiú orthu: Tá an Ghearmáin faoi bhun mheán an Aontais ó thaobh líon na ndaoine a úsáideann ríomhsheirbhísí rialtais. Feidhmíonn an Ghearmáin freisin faoi bhun mheán an Aontais i ngnéithe éagsúla de tháscairí Thagarmharcanna r-Rialtais amhail trédhearcacht, príomhchumasóirí a bheith ann agus inrochtaineacht seirbhísí poiblí digiteacha do dhaoine aonair ó thar lear. Measann an Chomhairle Náisiúnta um Rialú Rialála nach leor cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne agus tá ganntanais réamh-mheasta lucht saothair sainaitheanta aici mar phríomhriosca in éagmais gnóthachain éifeachtúlachta tríd an digitiú. Na scrogaill a sainaithníodh i ndigitiú na seirbhísí poiblí, tá feidhm acu freisin maidir le bearta comhfhreagracha i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine.

(34) Tá sé ríthábhachtach scileanna digiteacha a fheabhsú don aistriú digiteach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais oibrithe oilte agus chun táirgiúlacht a mhéadú. Ag 49 % in 2021, tá an Ghearmáin faoi bhun mheán an Aontais de 54 % díobh siúd atá idir 16 agus 74 bliana d'aois a bhfuil bunscileanna digiteacha acu ar a laghad, rud a chuireann bac ar an aistriú digiteach. San aoisghrúpa 16-19 mbliana d'aois, ní raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 50 % díobh in 2021, 19 bpointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais. Cé go bhfaigheann an Ghearmáin scór os cionn mheán an Aontais Eorpaigh ar chéatadán na speisialtóirí TFC san fhostaíocht agus go bhfuil sí ag teacht le meán an Aontais do speisialtóirí TFC ar mná iad, tá líon ard folúntas gan líonadh, rud a léiríonn riachtanais bhreise. Bheadh iarrachtaí breise chun dul i ngleic le ganntanas múinteoirí agus oiliúint níos fearr a chur ar mhúinteoirí sa digitiú ar gach leibhéal oideachais ríthábhachtach chun scileanna digiteacha a fheabhsú. Níl comhtháthú na teicneolaíochta digití i ngníomhaíochtaí gnó ach thart ar mheán an Aontais, lena n-áirítear sciar na ngnólachtaí beaga agus meánmhéide a bhfuil leibhéal bunúsach déine digití acu ar a laghad agus an glacadh atá ag gnólachtaí le hardteicneolaíochtaí amhail néalríomhaireacht, mórshonraí agus intleacht shaorga. Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine roinnt beart a thacaíonn le scileanna digiteacha, agus go háirithe leis an oideachas digiteach, amhail infheistíocht i ngléasanna digiteacha do mhúinteoirí, ardán oideachais agus ionaid oideachais barr feabhais. Thairis sin, tá bearta á gcur chun feidhme ag an nGearmáin chun cabhrú lena lucht saothair a uas-sciliú agus a athsciliú. Áirítear leis sin díriú ar dhigitiú gnólachtaí (e.g. Moil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach nó an scéim tacaíochta infheistíochta Digiteáil Anois (*Digital Jetzt*).

(35) Ar an iomlán, níl rochtain ach ag 19.3 % de theaghlaigh ar nasc leathanbhanda snáithíneach, rud a fhágann go bhfuil an Ghearmáin i measc na mBallstát a bhfuil an clúdach snáithín is ísle acu (an dara ceann is ísle san Aontas, agus 85 % ar a laghad de chlúdach snáithíní ag an gcúigear is fearr san Aontas). Tá an easpa nasc snáithíní agus líonraí fíor-ardacmhainne i gcoitinne le sonrú go háirithe i gceantair thuaithe. Cuireann sé sin bac ar fhás táirgiúlachta, go háirithe i gcás gnólachtaí beaga agus meánmhéide. Tá an baol ann nach mbainfear amach an sprioc 50 % de theaghlaigh agus de ghnólachtaí a nascadh leis an líonra trí optaic snáithín faoi 2025 (agus 100 % faoi 2030). Áiríodh bearta comhfhreagracha i Straitéis Ghigighiotáin mhí Iúil 2022. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar chreatchoinníollacha, mar shampla trí chumas pleanála agus cur chun feidhme san earnáil phoiblí a mhéadú, chun dlús a chur le cumhdach snáithíní. Chun na spriocanna gréasáin a bhaint amach, beidh gá freisin le feabhas a chur ar na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar cheadanna agus le ceadanna a dheonú agus le caighdeánú a dhéanamh ar mhodhanna suiteála eile nach bhfuil chomh huaineach céanna.

(36) D'éirigh leis an nGearmáin a spleáchas ard ar ghás agus ola na Rúise a laghdú go héifeachtach in 2022 i gcomparáid le 2021 (ó 65 % go beagnach nialas le haghaidh gáis, agus ó 34.12 % go dtí faoi bhun 25 % i gcás ola[17]). Tá sé beartaithe agus thosaigh sé bonneagar gáis nádúrtha a chur chun feidhme a thiocfadh in ionad allmhairí gáis na Rúise go hiomlán sa mheántéarma. Chomhlíon an Ghearmáin a hoibleagáidí stórála gáis an geimhreadh seo caite, agus shroich sí 99.2 % faoin 1 Samhain 2022. A bhuí le margaí gáis idirnasctha, chuirfeadh gás nádúrtha leachtaithe (GNL) arna allmhairiú ag an nGearmáin le slándáil an tsoláthair san Aontas, ar choinníoll go gcuirfear an bonneagar ábhartha chun feidhme gan a thuilleadh moille. Ag an am céanna, tá an tír fós ag brath ar bhreoslaí iontaise allmhairithe. Tháinig laghdú 16 % ar thomhaltas gáis nádúrtha sa Ghearmáin sa tréimhse idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, méid atá níos airde ná an sprioclaghdú 15 % a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[18]. Moltar don Ghearmáin leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle[19].

---

17 Níor allmhairigh an Ghearmáin aon ghás ón Rúis ó mhí Lúnasa 2022, agus níor allmhairigh sí aon ola uaithi ó mhí Feabhra 2023.

18 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

19 Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

(37) Tá leictreachas in-athnuaite ríthábhachtach chun pleananna aistrithe glasa na Gearmáine a chur i bhfeidhm go rathúil, lena n-áirítear le haghaidh táirgeadh hidrigine in-athnuaite, feithiclí leictreacha agus teaschaidéil agus chun slándáil fuinnimh a bhaint amach sa mheántéarma. Mar sin féin, bheadh gá le dlús trí huaire a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite (ó + 67 % le 8 mbliana anuas go dtí + 196 % sna 8 mbliana amach romhainn) chun spriocanna náisiúnta imlonnaithe a bhaint amach. Tá nósanna imeachta casta fada ceadaithe ag coinneáil siar ar leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh agus teicneolaíochtaí glan-nialasacha breise, agus tá reachtaíocht a glacadh le déanaí chun na próisis a fheabhsú fós le cur chun feidhme. Anuas ar na dúshláin a dtugtar aghaidh orthu, tá bac á chur ar cheadú mar gheall ar an easpa digitithe agus scileanna gaolmhara chomh maith le húdaráis nach bhfuil dóthain foirne acu, lena n-áirítear cúirteanna. Tá scrogaill ann fós maidir le solúbthacht na heangaí, lena n-áirítear stóráil, agus leathnú na n-eangach tarchurtha ardvoltais, lena n-áirítear Tionscadail Leasa Choitinn a chur chun feidhme. Thairis sin, níl dóthain digitithe agus uasghrádaithe déanta ar eangacha dáileacháin na Gearmáine chun freastal ar an iliomad monaróirí agus tomhaltóirí nua feithiclí leictreacha, ar chórais fhótavoltacha gréine agus ar theaschaidéil, agus d'fhéadfaí stóráil leictreachais a leathnú. Tá dúshláin roimh iarrachtaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear an t-iompar, téamh intíre agus tionscal, agus leathadh amach teaschaidéal ar bhealach inacmhainne, ó thaobh méadú agus cur chun feidhme tráthúil chun go mbeidh an Ghearmáin in ann a spriocanna aeráide agus fuinnimh a bhaint amach, a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus borradh a chur faoin iomaíochas agus faoi chruthú post, lena n-áirítear in earnáil na monaraíochta teicneolaíochta glaine. Chun spriocanna aeráide a bhaint amach, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun earnáil an iompair agus earnáil na tógála a dhícharbónú, earnálacha ar theip orthu spriocanna náisiúnta a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith a bhaint amach do 2022, in ainneoin gur tugadh isteach bearta mar shampla praghas náisiúnta carbóin chun astaíochtaí a laghdú sa dá earnáil sin. Tá laghdú tagtha ar an linn charbóin nádúrtha sa Ghearmáin ó 2016, rud a éilíonn gníomhaíocht maidir le foraoisí agus athchóiriú tailte portaigh. Le hiarrachtaí níos láidre maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, leis an ngeilleagar ciorclach agus le cosaint an chomhshaoil, laghdaítear na rioscaí a bhaineann le dúshláin dhomhanda agus rannchuidítear le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, le hacmhainní nádúrtha a dhaingniú agus le spleáchas an tionscail ar amhábhair chriticiúla a laghdú.

(38) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiún is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. Trí thorthaí oideachais na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú, cuirtear bonn níos fearr ar fáil don oideachas leanúnach. Tá an fhoghlaim aosach ríthábhachtach chun dul i ngleic le ganntanas leanúnach scileanna. Le 10 mbliana anuas, áfach, bhí ráta rannphháirtíochta na ndaoine fásta san fhoghlaim le 4 seachtaine anuas cobhsaí a bheag nó a mhór agus níos ísle ná meán an Aontais (8.1 % in 2022 i gcomparáid le meán an Aontais de 11.9 %), agus ní raibh sé ach 4 % i gcás oibrithe ar bheagán cáilíochtaí. Ina theannta sin, i dtionscail dianfhuinnimh, tháinig laghdú ar rannphháirtíocht oibrithe san oideachas agus san oiliúint ó 9.8 % in 2015 go 7.6 % in 2021 agus tá sé faoi bhun mheán an Aontais (8.9 %). Bheadh cur chun cinn rannphháirtíochta i gcláir ghairmoideachais agus foghlama tosaigh agus leanúnacha chun tacú leis an aistriú glas i gcomhréir le sprioc na Gearmáine 65 % de dhaoine fásta a bheith ag foghlaim gach bliain faoi 2030.

(39) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023 agus léirítear a tuairim[20] i moladh (1).

[20] Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(40) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna le héifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí cost-éifeachtúil, sealadach, agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht macrairgeadais a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. I gcás na Gearmáine, rannchuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad, an dara agus an tríú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro.

(41) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus an mheasúnaithe uaidh, rinne an Chomhairle scrúdú ar an gClár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus ar an gClár Cobhsaíochta 2023. Léirítear a cuid moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí atá nasctha leis an mbarrachas mór leanúnach sa chuntas reatha. Cuidíonn moltaí (2), (3) agus (4) le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1) a mhéid a bhaineann le hinfheistíocht níos airde. Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moladh (1) chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus chun na moltaí a leagtar amach i Moladh 2023 a chur chun feidhme le haghaidh an limistéir euro, i gcomhréir le haithris 40,

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ghearmáin in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 2.5 %[21] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. Tionscnaimh infheistíochta poiblí a chur chun feidhme mar atá beartaithe.

   I gcás na tréimhse tar éis 2024, leanfaidh siad de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú inbhuanaithe de réir a chéile, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

   Feabhas a chur ar an meascán cánach chun fás níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe trí dhreasachtaí cánach a fheabhsú d'fhonn uaireanta an chloig oibrithe a mhéadú. Inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean a chosaint.

2. Dlús suntasach a chur le cur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe, lena n-áirítear trí acmhainní leordhóthanacha a áirithiú freisin, agus an aguisín agus an chaibidil REPowerEU a thabhairt chun críche go pras d'fhonn tús a chur go mear lena chur chun feidhme. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme tapa clár beartais comhtháthaithe, i ndlúthchomhlántacht agus i sineirgíocht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

---

[21] A mheastar a chomhfhreagraíonn d'fheabhas bliantúil de 0.3 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 24.

3. Dlús a chur le digitiú an tslabhra seirbhíse ina iomláine do sheirbhísí poiblí agus scileanna digiteacha daoine a fheabhsú. Bacainní infheistíochta a bhaint agus borradh a chur faoin infheistíocht i líonraí cumarsáide digití fíor-ardacmhainneachta.

4. Iarrachtaí a mhéadú chun an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú a thuilleadh trí bhorradh a chur faoin infheistíocht i líonraí fuinnimh in-athnuaite agus leictreachais agus dlús a chur lena n-úsáid trí acmhainneacht riaracháin fheabhsaithe agus trí phróisis chuíchóirithe, lena n-áirítear nósanna imeachta ceadaithe. Dlús a chur le hiarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh san iompar, sa tógáil agus sa tionsclaíocht, lena n-áirítear trí infheistíochtaí i gcórais téimh agus trí bhearta beartais breise atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*